


## Paca Acmhainní ar an Ró-iascaireacht

Forbraíodh an pacá acmhainní seo do dhaltaí iar-bhunscoile atá ag obair ar an téama Saoránachta Domhanda ‘Comhshaol Mara’ de chuid Chlár na Scoileanna Glasa. Baineann an t-ábhar seo leis an Oideachas ar son Forbairt Inbhuanaithe agus nasc ar leith aige le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 14: An Saol Faoi Bhun an Uisce. Cuimsítear san acmhainn seo:

- “Ró-iascaireacht - céard atá i gceist léi?” - forléargas gearr ar an ró-iascaireacht, agus é dírithe ar na príomhcheisteanna
- Cad is féidir leat a dhéanamh? - smaointe chun beart a dhéanamh faoin ró-iascaireacht
- Gluais téarmaí
- Pléigh - cuirtear sraith ceisteanna ar fáil agus iad le plé ag na daltaí ina ngrúpaí nó mar rang
- Naisc agus acmhainní úsáideacha





## Ró-iascaireacht - céard atá i gceist léi?

Is éard is **ró-iascaireacht** ann ná nuair a bhaineann daoine barraíocht iasc as an aigéan - ní fhéadann na héisc póru gasta go leor chun éisc úra a chur in áit na n-iasc a cailleadh. Tá iarmhairtí móra ag baint léi seo d'éiceachórais aigéin óir tá ról tábhachtach ag gach speiceas sa chothromaíocht nádúrtha a choinneáil. Téann sí i bhfeidhm fosta ar shláinte na n-iasc eile toisc nach bhfuil siad in ann fás chomh mór agus ba ghnách leis na glúnta a tháinig rompu; ní féidir leis na héisc bheaga an oiread sin éisc óga a tháirgeadh agus, mar sin de, tá sé níos deacra fós líon sláintiúil iasc a bhaint amach arís.

Tá an duine daonna ag dul i bhfeidhm ar líon na n-iasc leis na mílte blianta ach le 200 bliain anuas tá teicneolaíocht na hiascaireachta feabhsaithe as míosúr agus tá de chumas againn anois líon ollmhór iasc a bhaint as an aigéan go han-ghasta. An toradh a bhí air seo ná “cliseadh” ar líon speiceas áirithe. D’fhéadfadh feabhas teacht ar líon na speiceas seo le himeacht ama, ar chuntar nach ndéanfaí dúshaothrú orthu a thuilleadh.

Le cois líon na n-iasc a laghdú agus cur as d'éiceachórais, déanann roinnt modhanna iascaireachta dochar millteanach do ghnáthóga mara. Is próiseas iascaireachta í an tráláireacht ina dtarraingítear eangach feadh ghrinneall na farraige. Nuair a dhéantar é sin, déantar damáiste do ghrinneall na farraige agus cailteanas gnáthóige an toradh do roinnt mhaith ainmhithe a mhaireann ansíúd.

Dhá shaincheist thábhachtacha eile a bhaineann leis an ró-iascaireacht iad **seach-ghabháil** agus **aischur**. Is é is seach-ghabháil ann na speicis nach spriocspeicis iad a ghabhtar in eangacha ach nach bhfuil de dhíth óir ní hiad an ‘**sprioc**’ ná ní itear iad de ghnáth agus mar sin, níl brabús le déanamh orthu. Is minic a fhaigheann na héisc seo bás nó a ghortaítear iad, chomh maith le hainmhithe eile amhail deilfeanna agus turtair, sula dtugtar ar bord na mbád iascaireachta iad. Is iondúil go gcaitear ar ais san fharraige iad ansin, ach is beag seans i ndáiríre go dtiocfaidh siad slán.

Is é is **aischur** ann ná éisc a chaitear ar ais san fharraige óir tá an cuóta sáraithe ag an mbád iascaireachta sin cheana. Níl cead ag bád iascaireachta ach líon áirithe iasc a mharú de réir dlíthe idirnáisiúnta, ach is minic a ghabhann siad níos mó ná sin ós rud é go bhfuil siad chomh héifeachtach sin. Cé gur féidir an t-iasc a gabhadh a ithe, agus an seans ann go bhfuil sé marbh cheana féin, caitear ar ais é mar sin féin.

Tá dlúthbhaint idir an ró-iascaireacht agus ár Saoránacht Dhomhanda - ní aithníonn éisc teorainneacha agus tá nasc idir ár n-éiceachórais aigéin uile. Is den riachtanas go ndéanfaimid beart chun deireadh a chur leis an ró-iascaireacht má tá aigéan folláin, táirgiúil le bheith againn arís.



## Cad is féidir leat a dhéanamh?

Is tábhachtach go ndéanfaimid beart chun dul i ngleic leis an ró-iascaireacht sula ndéanfar damáiste doréitithe dár n-éiceachórais aigéin. Is foinse thábhachtach próitéine é an t-iasc ag breis agus 3 bhiliún duine ar fud na cruinne; de réir mar a mhéadaíonn an daonra is amhlaidh a mhéadaíonn na héilimh ar ár gcomhshaol nádúrtha. Ar an drochuair, tá teorainn lenár n-acmhainní nádúrtha agus mura stadfaimid dá oiread sin iasc a bhaint as an aigéan, stadfaidh ár n-éiceachórais aigéin d'fheidhmiú mar is ceart. Má dhéanaimid cinntí a bhfuil bonn eolais fúthu, áfach, faoin gcineál éisc a cheannaímid agus má bhíonn feachtas againn faoi chuótaí éisc a íslíú, is féidir linn an tionchar atá againn ar an gcomhshaol na mara a laghdú. Seo roinnt smaointe le cuidiú leat tosú:

- Tionscadal a dhéanamh ar an ró-iascaireacht agus do chuid féin a dhéanamh le do scoil agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas: mar shampla, na hiascaigh trosc amach ó chósta thoir Cheanada nó an t-iascach tuinníní gorma a fhiosrú.
- Fiosraigh SFI 14: An Saol faoi Bhun an Uisce - cé na spriocanna de chuid SFI 14 a bhaineann le hiascaigh agus cén dul chun cinn atá déanta chun na spriocanna sin a bhaint amach?
- Plé nó díospóireacht ranga a bheith agaibh faoi réitigh fhéideartha ar an ró-iascaireacht.
- Na cineálacha éagsúla modhanna iascaireachta a úsáideann iascairí ar fud an domhain a fhiosrú - cé acu, dar leat, is inbhuanaithe? Cé acu ceann lenár féidir leo an méid is mó iasc a ghabháil? Seo roinnt téarmaí le cuardach a chabhróidh leat tús a chur leis an obair: “peas-saighneoireacht”, “iascaireacht slat agus dorú”, “sárthrálaeir”, “iascach ceardaithe”.
- Íoslódáil an [Good Fish Guide](#) nó an Aip ón gCumann Caomhnaithe Mara sa RA.
- Roghanna stuama a dhéanamh bunaithe ar eolas faoi na cineálacha éisc a itheann tú agus faoin áit a mbeirtear orthu.
- Iarraidh ar do TD agus FPE achainí a chur faoi bhráid an rialtais agus an AE chun cuótaí iascaireachta a chur i bhfeidhm atá ag teacht leis an gcomhairle eolaíoch is fearr.
- Do chairde agus do mhuintir a spreagadh chun roghanna inbhuanaithe a dhéanamh nuair a bhíonn éisc á gceannach agus á n-ithe acu.



## Gluais téarmaí

**Seach-ghabháil** - Ainmhithe (éisc, siorcanna, mamaigh mhara, turtair, éin mhara, ochtapas, srl.) a ghabhann báid iascaireachta de thaisme agus nach iad an spriocspeiceas iad.

**An Comhbheartas Iascaigh** - “Is sraith rialacha é an Comhbheartas Iascaigh (CFP) chun báid iascaireachta na hEorpa a bhainistiú agus stoc iasc a chaomhnú. Is é is aidhm leis ná comhacmhainn a bhainistiú, rud a bhaintear amach trí rochtain chothrom ar uisce an AE a thabhairt do gach cabhlach iascaigh san Eoraip agus trí chur ar chumas iascairí dul san iomaíocht go cothrom.” (Féach [ec.europa.eu/fisheries/cfp](http://ec.europa.eu/fisheries/cfp) le tuilleadh mionsonraí a fháil)

**Aischur** - Nuair a bheireann bád iascaireachta ar an iomarca iasc (níos mó ná a chuóta) caitear ar ais na héisc bhreise cé gur minic iad a bheith marbh nó gortaithe cheana.

**Dúshaothrú** - Buntáiste a bhreith ar rud nó lánúsáid a bhaint as, an oiread sin i roinnt mhaith cásanna is nach bhfuil sé inbhuanaithe.

**Cliseadh iascaigh** - cliseann ar iascach nuair a laghdaítear stoc iasc go dtí 10% de tháirgiúlacht an ama atá thart; cé gur dócha go bhfuilimid ag meas “táirgiúlacht an ama atá caite” faoina luach.

**Pobal nó Líon** – líon ainmhithe de speiceas ar leith.

**Cuóta** - an líon iasc in aghaidh an speicis a bhfuil cead ag bád iascaireachta nó ag tír aonair a ghabháil i dtréimhse áirithe ama; is minic a thomhaistear é ina mheáchan.

**Speiceas** - Ainmhithe den chineál céanna ar féidir leo pórú le chéile m.sh. is speiceas éisc é an trosc Atlantach, is speiceas deilfe í an deilf bholgshrónach.

**Stoc** - an soláthar nó an líon iasc san aigéan.

**Inbhuanaithe** - rud is féidir a choinneáil le himeacht ama gan dochar a dhéanamh dó.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)** – ar a dtugtar fosta na **Spriocanna Domhanda**. Ghlac gach Ballstát de na Náisiúin Aontaithe leis na 17 SFI in 2015 mar ghairm chun gnímh ar bhonn domhanda chun deireadh a chur le bochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus a chinntiú go mbíonn síocháin agus saibhreas ag gach duine faoi 2030. Is é is sprioc le **hAidhm SFI 14 “An Saol faoi Bhun an Uisce”** ná *“Na haigéin, an fharraige agus acmhainní mara a úsáid agus a chaomhnú ar bhealach inbhuanaithe i gcomhair forbairt inbhuanaithe.”*

**Gabháil Iomlán is Incheadaithe** - an cuóta iascaigh do shoitheach ar leith; Is é an Coimisiún Eorpach a shocraíonn é seo.

**Trálaeireacht** - Cineál iascaireachta ina n-úsáidtear eangach leathanbhéil a tharraingítear feadh ghrinneall na farraige.



## Pléigh

**Cén chaoi a gcuireann tusa leis an ró-iascaireacht? An bhfuil a fhios agat an ngabhtar ar bhealach inbhuanaithe an t-iasc a itheann tú féin agus do mhuintir?**

**An féidir leat iasc ar bith a ainmniú a ndéantar ró-iascaireacht air?**

**Cén fáth, dar leat, ar fadhb í an ró-iascaireacht? Cén tionchar, dar leat, a bheidh aici ar éiceachórais aigéin má leanaimid den ró-iascaireacht?**

**Cé acu tionchar dearfach nó diúltach, dar leat, atá ag iascaigh mhóra thráchtála ar gheilleagair áitiúla? Déan comparáid agus codarsnacht idir codanna difriúla den domhan.**

**An ndeachaigh tú ag iascaireacht riamh? Nuair a chloisimid an focal “iascaireacht” nó “iascach” cé na híomhánna a ritheann leat?**

**An féidir leat smaoineamh ar aon tionchar eile atá ag iascaigh ar an gcomhshaol mara - seachas líon na n-iasc a laghdú?**

**Moltar feirmeoireacht iasc scaití de rogha ar éisc fhiáine a mharú - ach, ar an drochuair, níl sé chomh simplí sin. Déan tionscadal taighde agus pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le feirmeoireacht iasc - an réiteach inbhuanaithe í i ndáiríre?**

**Cad ba chóir dúinn a dhéanamh, dar leat, faoin ró-iascaireacht? An féidir leat smaoineamh ar aon réitigh? Cé na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bearta éagsúla is féidir linn a dhéanamh chun ró-iascaireacht a laghdú?**

**Is acmhainn chomhroinnte dhomhanda é an t-aigéan - cén dóigh, dar leat, a dtéann sé seo i bhfeidhm ar bhainistíocht stoc iasc agus forfheidhmiú dlíthe iascaigh?**



## Naisc agus acmhainní úsáideacha

### Físeáin:

<https://ed.ted.com/featured/Vs2D6GfT> - físeán 4 nóiméad TED ED ag míniú na ró-iascaireachta.

<https://ed.ted.com/lessons/will-the-ocean-ever-run-out-of-fish-ayana-elizabeth-johnson-and-jennifer-jacquet#watch> – físeán 6 nóiméad TED ED “An mbeidh stoc iasc an domhain rite choíche?”

<https://www.youtube.com/watch?v=-V4D77N3bZc> – blúire as scannán faisnéise “Planet Ocean”, atá dírithe ar an ró-iascaireacht.

### Suíomhanna gréasáin faisnéiseacha:

<https://sustainabledevelopment.un.org/sdg14> - Tuilleadh eolais faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 - An Saol faoi Bhun an Uisce.

<http://stopoverfishing.eu/> - Is é Oceana an eagraíocht abhcóideachta idirnáisiúnta is mó atá tiomanta go hiomlán do chaomhnú an aigéin.

<https://www.worldwildlife.org/industries/sustainable-seafood> - Is é an Ciste Domhanda Fiadhúlra príomheagraíocht neamhspleách chaomhantais an domhain.

<https://www.mcsuk.org/responsible-seafood/> - Is é an Cumann um Chaomhnú Muirí (Marine Conservation Society) an phríomheagraíocht neamhbhrabúis i gcomhair chaomhnú na mara sa RA.

<http://www.pewtrusts.org/en/projects/ending-overfishing-in-northwestern-europe/> - faisnéis feachtais ó lontaobhais Charthanais PEW, eagraíocht neamhrialtasach de chuid Mheiriceá.

<http://www.greenpeace.org/archive-international/en/campaigns/oceans/seafood/understanding-the-problem/fisheries-problems-today/> - tá a lán faisnéise le fáil ar shuíomh gréasáin Greenpeace faoi na cineálacha éagsúla iascaireachta